Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Lúnasa 2022
(OR. en)

11590/22
ADD 1
LIMITE
PV CONS 51
TRANS 511
TELECOM 335
ENER 382

PUBLIC

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

CRUINNIÚ URGHNÁCH DE CHOMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Iompar, Teileachumarsáid agus **Fuinneamh)**

26 Iúil 2022

**CLÁR**

**Leathanach**

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

3. Rialachán ón gComhairle maidir le bearta comhordaithe chun an t-éileamh ar ghás a laghdú ... 3

IARSCRÍBHINN – Ráitis le haghaidh mhiontuairiscí na Comhairle.................................................... 4

***

PUBLIC

**<u>Gníomhaíochtaí neamhreachtacha</u>**

**3. Rialachán ón gComhairle maidir le bearta comhordaithe chun an t-éileamh ar ghás a laghdú** [C] 11521/3/22 REV 3

*Comhaontú polaitiúil*

*Cinneadh maidir leis an nós imeachta i scríbhinn a úsáid le haghaidh an ghlactha* (*)

Tháinig <u>an Chomhairle</u> ar chomhaontú polaitiúil i ndáil leis an togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle maidir le bearta comhordaithe i dtaca le laghdú ar éileamh ar ghás, agus chinn sí úsáid an nós imeachta i scríbhinn a údarú chun an Rialachán seo ón gComhairle a ghlacadh.

Tá ráiteas ón g<u>Coimisiún</u> i gceangal leis na miontuairiscí seo.

PUBLIC

---

[C] Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

(*) Mír ar féidir vótáil a iarraidh ina leith

PUBLIC

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna neamhreachtacha 'B' a leagtar amach in 11424/22**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 3 ar liosta na míreanna 'B':** | **Rialachán ón gComhairle maidir le bearta comhordaithe chun an t-éileamh ar ghás a laghdú**<br>*Comhaontú polaitiúil*<br>*Cinneadh maidir leis an nós imeachta i scríbhinn a úsáid le haghaidh an ghlactha* (*) |

**RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN**

'Sna tograí ón gCoimisiún Eorpach in COM (2022) 360 final, eadhon chun 'Gás a choigilt gás le haghaidh geimhreadh sábháilte', leagtar amach na laghduithe is gá ar éileamh chun aghaidh a thabhairt ar staid phráinneach shlándáil an tsoláthair sa mhargadh gáis Eorpach.

Sa bhreis ar na gnéithe sin, agus mar chuid den iarracht fhoriomlán aghaidh a thabhairt ar an staid thromchúiseach fuinnimh ar an iomlán, staid a d'eascair as cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, cuireann an Coimisiún Eorpach i dtábhacht go ndéanfaidh sé dul chun cinn go práinneach leis an obair thábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar ghnéithe ábhartha eile, eadhon:

- breithnithe soláthair: leanfaidh an Coimisiún dá chuid oibre tríd an Ardán Fuinnimh chun cainníochtaí breise gáis agus GNL (agus hidrigine, amach anseo) a áirithiú don mhargadh Eorpach, agus chun ceannach comhpháirteach a éascú, agus ar an gcaoi sin dlús a chur le laghdú ar an spleáchas ar sholáthairtí gáis ón Rúis. Díreoidh an Tascfhórsa atá bunaithe anois a iarrachtaí ar roinnt margaí seachtracha tosaíochta i ndáil leis sin, lena n-áirítear d'fhonn cainníochtaí breise GNL a áirithiú i mbliana agus an bhliain seo chugainn, agus déanfaidh sé obair na gcúig ghrúpa réigiúnacha atá bunaithe a chur chun cinn agus a chomhordú go pras, mar shampla chun a áirithiú go mbainfear an úsáid is éifeachtaí agus is éifeachtúla as an mbonneagar atá ann cheana.
- caidhpeanna praghsanna: aithníonn a thábhachtaí atá sé soláthar fuinnimh ar phraghsanna inacmhainne a áirithiú, go háirithe i gcomhthéacs iarrachtaí sainordaitheacha ar éileamh a laghdú, agus a áirithiú an tráth céanna go dtéann gás go dtí an áit is mó a bhfuil gá leis de mheon na dlúthpháirtíochta agus chun margadh inmheánach an Aontais a chosaint, mar sin tá measúnú práinneach á dhéanamh ag an gCoimisiún ar na féidearthachtaí éagsúla chun caidhpeanna praghsanna don ghás a thabhairt isteach. Chuige sin, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis na Ballstáit (agus le comhpháirtithe idirnáisiúnta i gcás inarb iomchuí) agus tabharfaidh sé tuairisc san fhómhar le tograí sonracha, de réir mar is gá.
- dearadh an mhargaidh leictreachais: agus an Coimisiún ag tabhairt dá aire gur mian le roinnt toscaireachtaí féachaint conas is féidir feabhas a chur ar fheidhmiú na margaí leictreachais amach anseo chun leas na dtomhaltóirí agus earnáil na tionsclaíochta, go háirithe i bhfianaise éifeacht na bpraghsanna gáis, déanfaidh sé dul chun cinn i dtaca leis an bpróiseas measúnaithe tionchair maidir le conas is féidir luaineacht iomarcach praghsanna a sheasamh amach anseo, leictreachas inacmhainne a sholáthar laistigh de chóras fuinnimh atá go hiomlán dícharbónaithe amach anseo, agus sláine an Mhargaidh Aonair á caomhnú, dreasachtaí don aistriú glas á gcoinneáil, slándáil an tsoláthair á caomhnú agus costais bhuiséadacha dhíréireacha á seachaint an tráth céanna. Tá dul chun cinn á dhéanamh ar an obair sin mar thosaíocht, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, ionas gur féidir í a thabhairt chun críche a luaithe is féidir.'

**<u>Ráitis a ghabhann leis na míreanna neamhreachtacha 'A' a leagtar amach in 11426/22 + COR 1</u>**

PUBLIC

| | |
|---|---|
| **<u>Maidir le mír 5 ar liosta na míreanna 'A':</u>** | Cinneadh ón gComhairle lena n-iarrtar ar an gCoimisiún staidéar a thíolacadh ar staid mhargadh inmheánach sheirbhísí poist an Aontais, agus togra, más iomchuí, i bhfianaise thorthaí an staidéir<br>*Glacadh* |

**RÁITEAS ÓN gCIPIR, ÓN bhFRAINC AGUS ÓN ÍSILTÍR**

'Staonann an Chipir, an Fhrainc agus an Ísiltír ó thacaíocht a thabhairt do na tagairtí i gCinneadh 11188/22 ón gComhairle do sheirbhísí seachadta beartán (aithris 2) agus do ghníomhaithe nua sa ríomhthráchtáil (aithris 4) agus tá siad tagtha ar an tátal go bhféadfadh sé gur ghá athbhreithniú a dhéanamh ar Threoir 7/67/CE maidir le Post chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin thuasluaite.'

| | |
|---|---|
| **<u>Maidir le mír 6 ar liosta na míreanna 'A':</u>** | Cinneadh ón gComhairle lena n-  údaraítear don Pholainn an leasú ar an gCoinbhinsiún um Chaomhnú agus um Bainistiú Acmhainní Mangach i Muir Bheiring Láir a dhaingniú<br>*Comhaontú i bprionsabal*<br>*Iarraidh ar an toiliú ó Pharlaimint na hEorpa*<br>*Glacadh* |

**RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN**

'Lena bhreithiúnas i gcásanna uamtha C-103/12 agus C-165/12 (Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún v. an Chomhairle), dhearbhaigh an Chúirt Bhreithiúnais go soiléir maidir le cinntí a bhaineann le comhaontuithe iascaigh seachtracha a thabhairt i gcrích, go bhfuil siad go hiomlán faoi chuimsiú raon feidhme Airteagal 43(2) CFAE (i gcomhar leis an nós imeachta is infheidhme in Airteagal 218 CFAE, i.e. Airteagal 218(6)(a)(v) maidir leis na cinntí faoi na comhaontuithe a thabhairt i gcrích) agus dhiúltaigh sí an seasamh gurbh fhéidir go dtiocfadh na cinntí sin faoi chuimsiú raon feidhme Airteagal 43(3) CFAE.

Maidir leis an gCinneadh lena n-údaraítear do Phoblacht na Polainne an leasú ar an gCoinbhinsiún um Chaomhnú agus um Bainistiú Acmhainní Mangach sa Mhuir Bheiring Láir a dhaingniú, ar mhaithe leis an Aontas Eorpach, is oth leis an gCoimisiún an leasú ón gComhairle lenar cuireadh Airteagal 43 (gan an mhír a lua) in ionad bhunús dlí substainteach Airteagal 43(2) CFAE.

Cé nach bhfuil an Coimisiún ag cur i gcoinne na Comhairle maidir le glacadh an leasaithe le vótáil trí thromlach cáilithe, coimeádann an Coimisiún a chearta uile i dtaca leis sin.'

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 7 ar liosta na míreanna 'A':** | Iarraidh ar athbhreithniú inmheánach faoi Airteagal 10 de Rialachán 1367/2006 i ndáil le Rialachán (AE) 2022/515 ón gComhairle an 31 Márta 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/109 ón gComhairle lena socraítear le haghaidh 2022 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad<br>*Formheas an fhreagra ón gComhairle* |

PUBLIC

**RÁITEAS ÓN mBEILG, Ó ÉIRINN, ÓN bhFRAINC, ÓN nGEARMÁIN AGUS ÓN ÍSILTÍR MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM AIRTEAGAL 15(9) DEN BHUNRIALACHÁN LE hAGHAIDH COD/7XAD34 AGUS HER/7G-K**

'Ós rud é go bhfuil bithmhais na stoc COD/7XAD34 agus HER/7G-K faoi bhun Blim agus nach gceadófar ach iascaigh foghabhála nó eolaíocha in 2022 le haghaidh na stoc sin, chun a dtéarnamh a áirithiú agus i gcomhréir leis an taifead i scríbhinn a comhaontaíodh leis an Ríocht Aontaithe maidir leis na deiseanna iascaireachta le haghaidh 2022, geallann an Bheilg, Éire, an Fhrainc, an Ghearmáin agus an Ísiltír nach n-úsáidfidh siad an tsolúbthacht idirbhliantúil faoi Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir leis na stoic sin in 2022.'

**RÁITEAS ÓN DANMHAIRG, ÓN EASTÓIN, Ó ÉIRINN, ÓN bhFRAINC, ÓN nGEARMÁIN, ÓN LIOTUÁIN, ÓN SPÁINN AGUS ÓN tSUALAINN MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM AIRTEAGAL 15(9) DEN BHUNRIALACHÁN LE hAGHAIDH BLI/12INT, BLI/24 AGUS BLI/03A**

'Ós rud é go bhfuil bithmhais na stoc BLI/12INT, BLI/24, BLI/03A faoi bhun Blim, chun téarnamh na stoc sin a áirithiú agus i gcomhréir leis an taifead i scríbhinn a comhaontaíodh leis an Ríocht Aontaithe maidir leis na deiseanna iascaireachta le haghaidh 2022, geallann an Danmhairg, an Eastóin, Éire, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Liotuáin, an Spáinn agus an tSualainn nach n-úsáidfidh siad an tsolúbthacht idirbhliantúil faoi Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir leis na stoic sin in 2022.'

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 13 ar liosta na míreanna 'A':** | Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh i ndáil leis an nós imeachta comhairliúcháin a leagtar síos in Airteagal 63(3) de CTC<br>*Glacadh* |

**RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN**

'Measann an Coimisiún gur cheart an Cinneadh ón gComhairle a chur faoi bhráid an Choimisiúin, agus dá bhrí sin, measann sé go bhfuil na hathruithe ar Airteagal 3 míchuí.

Is gníomh ionadaíochta seachtraí thar ceann an Aontais é seasamh an Aontais a nochtadh i gcomhlacht arna bhunú trí chomhaontú, gníomh atá ina shainphribhléid institiúideach de chuid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 17(1) CAE.

Coimeádann an Coimisiún a chearta uile i dtaca leis sin.'